| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Ná bris an bréagán. | Don’t break the toy. |
| | Bhris sé an bréagán. | He broke the toy. |
| | Tá an bréagán **briste**. | The toy is **broken**. |
| | Tá bréagán **briste** ar an urlár. | There is a **broken** cup on the floor. |
| | Tá gloine **bhriste** ar an urlár. | There is a **broken** glass on the floor. |
| | Tá an bréagán **briste** aige. | He has **broken** the toy. |
| | | |
| | D’ól mé beoir. | I drank beer. |
| | Tá tú **ólta**. | You’re **drunk**. |
| | Tá an iomarca beorach **ólta** agat. | You’ve **drunken** too much beer. |
| | | |
| | Ar léigh tú an leabhar seo? | Did you read this book? |
| | Léigh. Tá sé **léite** agam faoi dhó. | Yes. I’ve **read** it twice. |
| | | |
| | Scríobh mé rud éigin. | I wrote something. |
| | Cad atá **scríofa** agat? | What have you **written**. |
| | Dán. Tá sé **cumtha** agam féin. | A poem. I’ve **composed** it myself. |
| | | |
| **2.** | Ar cheannaigh sí an carr? | Did she buy the car? |
| | Níor cheannaigh. | No. |
| | Níl sé **ceannaithe** aici go foil. | She hasn’t **bought** it yet. |
| | | |
| | Ar imigh siad abhaile? | Did they leave for home? |
| | D’imigh. Tá siad **imithe** le fada. | Yes. They’ve been **gone** for a while. |
| | | |
| **3.** | Cad a rinne tú? | What did you do? |
| | Cad atá **déanta** agat? | What have you **done**? |
| | | |
| | An bhfuil aon rud **faighte** agat? | Have you **gotten** anything? |
| | An bhfuil aon rud **feicthe** agat? | Have you **seen** anything? |
| | An bhfuil aon rud **cloiste** agat? | Have you **heard** anything? |
| | | |
| | Tá an bia go léir **ite** agat! | You’ve **eaten** all the food! |

| | |
|---|---|
| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
| A: Cad a tharla don ghloine? | What happened to the glass? |
| B: Tá sí **briste** agam. | I've **broken** it. |
| A: Cad a tharla di? | What happened to it? |
| B: Tá sí **tite** ar an urlár. | It has **fallen** on the floor. |
| A: An bhfuil tú **ólta**? | Are you **drunk**? |
| B: B'fhéidir. | Perhaps. |
| Tá an iomarca fíona **ólta** agam, is dócha. | I've **drunken** too much wine, probably. |

| | |
|---|---|
| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
| A: An bhfuil a seancharr **díolta** ag Máire? | Has Mary **sold** her old car? |
| B: Tá. Dhíol sí seachtain ó shin é. | Yes. She sold it a week ago. |
| A: An bhfuil carr nua **aimsithe** aici? | Has she found a new car? |
| B: Tá, ach níl sé **ceannaithe** aici fós. | Yes, but she hasn't bought it yet. |
| A: Cá bhfuil sí anois? | Where is she now? |
| B: Bhí sí anseo, ach tá sí **imithe** abhaile. | She was here, but she's gone home. |

| | |
|---|---|
| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
| A: Cad atá **faighte** agat do do bhreithlá? | What have you gotten for your birthday? |
| B: Tá bosca milseán **faighte** agam. | I've gotten a box of sweets. |
| A: Cad atá **déanta** agat leis na milseáin? | What have you done with the sweets? |
| B: Tá siad **ite** agam. | I've eaten them. |
| A: An raibh siad blasta? | Were they tasty? |
| B: Bhí. Tá siad go léir **ite** agam. | Yes, I've eten them all. |

| | |
|---|---|
| **Ceisteanna** | **Questions** |
| An bhfuil míol mór **feicthe** agat riamh? | Have you ever **seen** a whale? |
| An bhfuil seilidí (*escargot*) **ite** agat? | Have you **eaten** snails (*escargot*)? |
| An bhfuil leabhar Gaeilge **léite** agat? | Have you **read** an Irish book? |
| An bhfuil deoch **ceannaithe** agat inniu? | Have you **bought** a drink today? |
| An bhfuil cnámh **briste** agat riamh? | Have you ever **broken** a bone? |
| Cad atá **déanta** agat inniu? | What have you **done** today? |

| | | |
|---|---|---|
| | **<u>Dúnmharú ar an Dart 2</u>**<br>**le Ruadhraí Ó Báille** | **<u>Murder on the Dart 2</u>**<br>**by Ruadhraí Ó Báille** |
| 1. | Stop an Dart ag Deilginis agus d'fhág cúpla duine an traein. | The Dart stopped at Dalkey and a few people left the train. |
| 2. | Ach ní raibh aon duine ag fanacht ar an ardán. | But nobody was waiting on the platform. |
| 3. | "Níl duine ar bith ag dul ag obair inniu!" | "Nobody is going to work today!" |
| 4. | Go tobann, chuala sé rud éigin taobh amuigh den bhfuinneog. | Suddenly he heard something outside the window. |
| 5. | D'fhéach sé timpeall agus chonaic sé fear óg le cás dubh ina láimh ag rith chun an traein a fháil. | He looked around and he saw a young man with a black case in his hand running to get the train. |
| 6. | Bhí dath dearg ar a aghaidh ó bheith ag rith agus ní raibh Cuma mhaith air ar chor ar bith. | His face was red from running and he didn't look well at all. |
| 7. | D'oscail an fear doras na traenach, agus tháinig sé ar bord. | The man opened the door of the train and he came on board. |
| 8. | Chonaic Niall go raibh a chás díreach cosúil lena chás féin. | Niall saw that his case was exactly like his own case. |
| 9. | "Múinteoir eile? Ní hea, tá sé róshalach." | "Another teacher? No, he's too dirty." |
| 10. | Bhí fearg ar Niall nuair a shuigh an duine eile in aice leis. | Niall was angry when the other person sat next to him. |
| 11. | "Huh! Fiche suíochán folamh sa charráiste, agus caithfidh sé suí ar mo cheannsa!" | "Huh! Twenty empty seats in the car, and he has to sit on mine." |
| 12. | Ní dúirt an fear eile rud ar bith. | The other man didn't say anything. |
| 13. | "Tá sé fuar," arsa Niall chun an ciúnas a bhriseadh. | "It's cold," said Niall to break the silence. |
| 14. | Dhún an fear a shúile. | The other man closed his eyes. |
| 15. | "Féach air sin! Amuigh ag damhsa go dtí a cúig a chlog ar maidin is dócha." | "Look at that! Out dancing until five o'clock in the morning, probably." |
| 16. | Thit ceann an fhir óig anuas ar ghualainn Niall. | The young man's head fell down on Niall's shoulder. |
| 17. | "In ainm Dé!" ar seisean leis féin. | "For God's sake!" he said to himself. |
| 18. | "Tá mo bríste fliuch, tá mo thóin tinn, agus anois tá daoine ag dul a chodladh orm!" | "My pants are wet, my bum is sore and now people are going to sleep on me!" |